Proinsias Ní Mhurchú
Ionad Buail Isteach

BÁC

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Bheadh leasú ag teastáil. Ba cheart go mbeadh gach comhfhreagras oifigiúil dátheangach nó i nGaeilge amháin. Thabharfadh sin spreagadh agus misneach do lucht na Gaeilge. Is seod thar a bheith luachmhar í ár dteanga féin. Tá seo tábhachtach freisin mar go bhfuil go leor teangacha eile á n-úsáid sa tír, agus ba bhreá leo Gaeilge a fheiceáil, chomh maith lena dteanga fhéin, ar comhfhreagras oifigiúil.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ta leasú ag teastáil, nil an pobal in ann páiste a chláru tri Ghaeilge faoi láthair - féach "certificates.ie" amháin. Ba chóir bheith cinnte go bhfuil na doiciméid is mó úsáide ar fail gan fadhb tri Ghaeilge - m.sh. foirmeacha dífhostaíochta, foirmeacha do mhicléinn, cuntais bainc. Bíonn strachailt ag lucht na Gaeilge gach lá dá saol gnáth-seirbhísí a fháil tri Ghaeilge.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba cheart an reachtaíocht a láidriú go mór i gcás comharthaí agus fógraí poiblí. Tá siad le feiceáil gach áit i mBéarla amháin, agus an fasúin seo ag dul i dtreise i gcónaí. Tá an tAcht Teanga i bhfad ró-chúng agus ró lag sa réimse seo.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Teastaíonn i bhfad Éireann nios mó traenála ó fhoireann na seirbhíse poiblí, na nÚdarás Áitiúla, agus ó na hInimircí nua isteach sa tír, i bhfoghlaim na Gaeilge agus in úsáid na Gaeilge, má tá aon seans le bheith againn Gaeilge a choinneáil beo agus in úsáid. Tá cuid de na scéimeanna an-mhaith, ach níl an ndóthain acu ann, agus tá seirbhísí pearsanta lag. Teastaíonn cúrsaí traenála saor in aisce agus forleathan ina measc siúd a bhéas ag cur seirbhísi ar fáil.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Ba chóir go mbeadh moladh ceart le fáil ar sheirbhísí atá go maith. Bíonn gearáin againn ró-mhinic, ba cheart córas ceart - seans ar idirlíon - a bhéas feiceálach i ngach eagras stáit - chun go mbeidh ar chumas an phobal moladh a thabhairt do eagraíochtaí agus daoine aonair atá ag tabhairt seirbhis sásáil Gaeilge, nó sár-seirbhís. Tá sé tábhachtach go mbeadh taobh dearfach le húsáíd na Gaeilge, seachas an iomarca cáineadh. Mol an óige agus tiocfaidh sí.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Tá meascán de shár-sheirbhísi agus seirbhísí laga ar fáil sa nGaeltacht. Ba cheart gach deis a thabhairt dóibh siúd atá lag, feabhas a chuir ar a gcuid Gaeilge. Muna n-

éiríonn leo sa deireadh, seans nár cheart iad a bheith ag plé leis an bpobal ar son eagraíocht stáit sa nGaeltacht, pé ar bith rud faoi bheith ag obair ar chúl.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Caithfear a chinntiú go bhfuil seirbhís Ghaeilge ar sár-chaighdeán sa nGaeltacht, agus ba chóir gach céim a ghlacadh chun go mbeidh sin amhlaidh. Cúrsaí traenála Gaeilge saor in aisce, do thosaitheoirí agus do feabhasaitheoiri go háirithe, agus a chinntiú nach mbeidh Béarla á bhrú ar aoinne chun a gcuid gnó a dhéanamh leis an stáit. Tá seo thar a bheith tábhachtach i gcás Gardai Síochána, Banaltraí, Doctúirí, srl.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir an Chóras Aistriúcháin Comhuaineach a úsáid i dTeach Laighean go rialta. Níl aon chearta don Ghaeilge sna Cúirteanna Coiriúla faoi láthair - tá na cearta céanna, sé sin aistritheoir a bheith ag an duine cúisithe agus gach focal eile a bheith tri Bhéarla - is atá ag aon eachtrannach atá 5 neomat sa tír. Go dtí go mbíonn cearta cothroma leis an mBéarla sna cúirteanna, tá an stát ag sárú na Bunreachta, gan trácht ar an Acht Teanga. Tá an córas na logainmneacha níos Gaelaí ná an cuid is mó de réimsi an stait, ach ba chóir cinntiú i gcónaí nach bhfuil seo á llagú mar gheall ar bhrú ó lucht gaimbín (m.sh. An Daingean, Co. Chiarraí).

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Ba cheart gombeadh gach comhlacht poiblí, agus gach eagras atá á mhaoiniú ag an stáit faoin Acht. Ta an tréimhse ina mbíonn siad ag réiteach pleananna ro-fhada, agus na pleananna i bhfad ró-lag. Ba choir go gcinnteodh gach plean go mbeidh seirbhís cheart ar fáil tri Ghaeilge i ngach áit sa tír, agus go mbeadh píonós éigin ann ar gach comhlacht atá diúltach, chomh maith le córas a thabharfadh moladh do chomhlachtai láidre ó thaobh na Gaeilge dhe. Tá go leor aineolas faoi thábhacht na Gaeilge measc

lucht ceannais na gcomhlachtaí stait, m.sh. Bord Fáilte a dhiúltaíonn glan don Ghaeilge, cé go bhfuil cruthúnas ann go bhfuil teanga agus cultúr an-tábhachtach ó thaobh turasóireachta de.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Nil cumhachtaí Oifig an Choimisinéara Teanga le braith ach ar éigin. Tá siad ag braith ar dheá-mhéin sna heagrais stáit. Caithfear cumachtaí agus feidhmeanna níos láidre a thabhairt don Choimisinéir Teanga, chun go mbeidh an oifig in ann feidhmiú go héifeachtach. Tá foireann dilis ag obair go crua ann, ach níl an tacaíocht polaitiúil acu ón stáit.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Ba cheart a lua go sonrach ag tús an Achta go bhfuil Gaeilge mar chéad teanga oifigiúil an stáit sa mBunreacht - sin eolas atá de dhíth ar an Roinn Dlí agus Cirt, agus iad ag eisiúint "Teastais Náisiúnachais" do inimircigh - ar fáil as Gaeilge/Béarla/Spáinis, ach gan focal Gaeilge ar na leaganacha eile. Ba chóir go gcinntódh an Acht nach mbeadh aon Teastas Oifigiúil ón Stait á eisiúint gan Gaeilge.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Seirbhísi do dhaoine óga, agus micléinn agus daltai scoile. Níl na técasleabhair ar fail i nGaeilge go minic don Ardteist anois, níl na páipeiri scrúduithe - a úsáidtear mar théacsleabhair - ar fáil i nGaeilge don Ardteist, go háirithe na cinn eolaíochta. Tá easpa Gaeilge i ngach rud a eagraítear, le airgead poiblí, ó thaobh na heolaíochta de. Níl dóthain seirbhísí, imeachtai, deiseanna ag ar óige ar an nGaeilge. Daoine a labhraíonn Gaeilge a bheith i ngach eagraíocht, go háirithe sa Roinn Oideachais, agus i ngach eagraíocht ag plé le hoideachas agus óige.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Tá an atmasfaer agus cultúr na heagraíochta ag teacht ón barr. Áit a mbíonn Aire agus Ard-Bainistíocht atá i bhfábhar na Gaeilge, bíonn an fhoireann ag déanamh gach dícheall. Tá an rud céanna fíor faoin rialtas - is féidir leo deá-shampla a thabhairt agus

an Ghaeilge a chur chun cinn go praiticiúil ina gcuid eagraíochtaí. Tá tír san Eoraip ag cur a dteanga fhéin chun cinn, seachas Éire, faoi láthair.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Díriú go láidir ar chéimeanna praiticiúla, ar sheansanna Gaeilge a labhairt leis an bpobal, ar chúrsaí traenála don fhoireann, ar laethe oscailte don Ghaeilge ina gcuid eagraíochtaí. Ba chóir an-iarracht a dhéanamh cúrsai Gaeilge saor in aisce a cur ar fáil do inimircigh, agus a gcuid páisti - tá siad an-fhábhrach ach deis a thabhairt dóibh, agus faoi láthair nil siad ag fáil aon deis foghlamtha. Má bhíonn atmasfaer fábhrach don Ghaeilge ag dul tríd an gcóras stáit ar fad, ag tosnú leis an rialtas agus tithe an oireachtais, agus ag dul síos trid na státseirbhíse, déanfaidh sin obair an choimisinéara teanga agus a oifig i bhfad níos éasca, agus beidh misneach ag daoine seirbhís Ghaeilge a iarraidh. Ba chóir fógraí a bheith crochta "Seirbhís Ghaeilge ar fáil anseo" in ngach oifig stáit agus eagrais poiblí gan mhoill.